ⓘX8@ www.gayhealthnetwork.ie

Gnéas níos sábháilte, Tástáil VEID, Sifilis, GGT agus eolas maidir le PEP sa Teanga seo d'Fhir a mbíonn Gnéas acu le Fir

AR AN EOLAS

Eolas maidir le tástáil le haghaidh an VEID d'fhir bhána agus déghnéasacha

Foilsithe ag an nGréasán Sláinte d'Fhir Bhána (Éire) 2004

BÍ AR AN EOLAS MAIDIR LE DO STÁDAS VEID

Is tinneas tromchúiseach, fad-théarmach, ainsealach é VEID; cuireann sé isteach go mór ar do shaol; ó thaobh cúrsaí leighis de, ó thaobh mothúcháin de agus go deimhin go sóisialta, agus b'fhéidir go dtiocfadh AIDS dá bharr. Níl aon leigheas ann ar an VEID ná ar an SEIF. D'fhonn ionfhabhtú a sheachaint is gá leas a bhaint as gnásanna gnéis níos sábháilte agus gan fearais drugaí a chomhroinnt. Mar sin féin chuir an-chuid againn muid féin i mbaol sa mhéid is go ndeachaigh muid sa tseans, go ndearnadh muid botúin nó gur ghlac muid leis nach raibh an VEID againne ná ag ár bpáirtithe gnéis. Níl ach an t-aon bhealach amháin gur féidir bheith cinnte an é go bhfuil nó nach bhfuil an VEID agat agus is é sin tástáil fola a dhéanamh. Tá an t-eolas seo curtha ar fáil ag an nGréasán Sláinte d'Fhir Bhána (GHN) d'fhonn béim a leagan ar roinnt de na saincheisteanna a bhaineann le tástáil le haghaidh VEID.

D'fhéadfadh go mbeadh an-chuid buntáistí ann ach bheith ar an eolas maidir le do stádas VEID ach is cinneadh tromhchúiseach atá i gceist. Creidimid mar sin féin go bhfuil sé in am d'fhir homaighnéasacha agus déghnéasacha agus d'fhir eile go mbíonn gnéas acu le fir, a machnamh a dhéanamh maidir le tástáil VEID a dhéanamh. Agus tú ar an eolas maidir le do stádas VEID, ach go háirithe má tá tú VEID-dearfach, beidh tú in ann cúnamh a fháil go luath maidir le hidirghabháil sláinte agus mothúcháin de. Cabhróidh an t-eolas sin leat chomh maith maidir le hathruithe oiriúnacha saol a chur i gcrích, rud a chinnteoidh go mbeidh saol fada ar ard-chaighdeán agat lena n-áirítear saol gnéis sláintiúil. Más VEID-diúltach atá tú is féidir go ndearbhóidh sé an tábhacht a bhaineann le gnásanna gnéis níos sábháilte a chleachtadh nó is féidir go mbeadh sé mar chúnamh duit saol níos sábháilte agus níos sláintiúla a phleanáil don todhchaí.

Ní dhearnadh duine as gach beirt fear bán nó déghnéasach tástáil

De réir Vital Statistics Ireland níl tástáil do VEID déanta ag níos mó ná 40% de na fir a bhíonn gnéas acu le fir. Agus forbairt tagtha ar an gcóir leighis ata ar fáil tá méadú tagtha ar na buntáistí a bhaineann le tástáil. Más rud é nach ndearnadh tú tástáil riamh do VEID nó más rud é go bhfuil achar fada ama i gceist ó rinne tú tástáil, b'fhéidir go bhfuil sé in am duit tástáil nó atástáil a dhéanamh.

Ná glac leis go bhfuil tusa ná do pháirtithe gnéis VEID-diúltach

Cuir roinnt ama ar leataobh chun an leabhrán seo a léamh. Má tá tuilleadh eolais de dhíth ort nó más dóigh leat gur mhaith leat dul chun cainte le duine éigin maidir le aon ní atá ag déanamh imní duit téigh i dteagmháil le ceann de na háisínteachtaí arna sonrú.

Téigh chun cainte le duine éigin sula nglacann tú cinneadh tástáil a dhéanamh agus dean iarratas ar chomhairleoireacht réamhthástála a fháil

Fostaíonn gach clinic sláinte gnéis poiblí daoine gairmiúla, atá ar fáil chun tástáil a phlé leat. Tá comhairleoirí ar fáil i roinnt clinicí, atá sásta dul i mbun cainte leat maidir le haon ábhar atá ag déanamh imní duit. Comhairleoireach réamhthástála a ngairmtear ar an seirbhís seo (sonraítear na clinicí sin ar chúl an leabhráin seo). Má tá sé i gceist agat tástáil VEID a dhéanamh in ionad nach gcuireann comhairleoireacht réamhthástála ar fáil mholfaimís duit dul chun cainte le duine éigin nó dul i dteagmháil le grúpa sláinte homaighnéasach nó le líne chabhrach VEID/SEIF (arna sonrú ar chúl an leabhráin seo) d'fhonn do chúinsí féin a phlé sula nglacann tú cinneadh tástáil a dhéanamh.

Cad is VEID ann?

Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna an aicíd atá i gceist. Nuair a théann VEID isteach sa sruth fola cuireann sé tús lena ionsaí ar an gcóras imdhíonachta. Ag an bpointe sin táirgeann do chorp antasubstaintí chun an t-ionfhabhtú a throid. Cé nach feidir leis na hantasubstaintí an VEID a scrios, is féidir leas a bhaint astu chun dearbhú go bhfuil VEID ar dhuine. Is éard atá i gceist sa tástáil más ea ná na hantasubstaintí sin a lorg, seachas an víreas féin.

Thar thréimhse ama cuireann an VEID isteach go mór ar do shláinte muna théann tú faoi chóir leighis. Déantar an méid sin dochar do do chóras imdhíonachta nach féidir leis troid i gcoinne na hionfhabhtuithe agus na hailsí nach gcúisíonn fadhbanna de ghnáth. SEIF (Siondróm Easpa Imdhíonachta Faighte) a ngairmtear ar na hairíonna neamhghnáthacha seo i gcás daoine atá VEID-dearfach. Ní hionann VEID agus SEIF.

Conas a bhféadfainn VEID a tholgadh?

Iompraítear VEID san fhuil, i seamhan, i leachtanna na faighne, nó i mbainne cíche. In Éirinn, is gnách VEID a tholgadh trí ghnéas neamhchosanta nó trí chomhroinnt snáthaide le duine ionfhabhtaithe. Más rud é nár chomhroinn tú snáthaid riamh fágann sé sin gurb é gnéas an príomhbhealach eile leis an VEID a tholgadh. Cuireann sé go mór leis an mbaol atá ann go dtolgfaidh tú an VEID má tá galair ghnéastraschurtha (GGT) eile agat (leithéidí sifilis nó gónairith).

Gnéas Tóna

Má bhíonn gnéas agat le duine éigin atá ionfhabhtaithe, is féidir an VEID a tholgadh trí chomhriachtain tóna neamhchosanta (is é sin comhriachtain gan leas a bhaint as coiscín), nó sa chás go mbaintear leas as coiscín, má bhriseann sé nó má sciorrann sé.

Gnéas Béil

Tholg méid beag fir an VEID trí ghnéas béil (bod a dhiúl). Scaiptear an VEID nuair a dhéannan duine atá dearfach seadadh i mbéal duine atá VEID-diúltach. Cuireann sé leis an mbaol go dtolgfar an VEID má tá cneácha, othrais, drandail atá ag cur fola nó GGT eile (sifilis ach go háirithe) agat. Cé nach bhfuil baol chomh mór sin ann i gcás gnéas béil agus atá ann i gcás gnéas tóna neamhchosanta (comhriachtain gan leas a bhaint as coiscín) tá baol fós ann mar sin féin.

Gnéas le Mná

Is féidir le fir go mbíonn gnéas acu le mná an VEID a tholgadh nó a scaipeadh trí ghnéas tóna, ghnéas na faighne nó ghnéas béil.

Bréagáin Gnéis

Cuireann comhroinnt bréagáin gnéis cosúil le creathóirí leis an mbaol go scaipfear an VEID. Má dhéanann tú bréagáin gnéis a chomhroinnt, clúdaigh le coiscín iad sula mbaintear leas astu (nó athraigh an coiscín gach uair a roinntear iad). Ba chóir na bréagáin gnéis a ní go cúramach tar éis leas a bhaint astu.

Fuildheonadh

Ní féidir leat VEID a tholgadh trí fuil a dheonadh. Igcás na hÉireann níl aon bhaol ann glacadh le fuil nó le táirgí fola os rud é go ndéantar an fhuil a dheonaítear a scagadh.

Is féidir gnéas níos sábhailte bac a chur ar an VEID

Cad is tástáil VEID ann?

De ghnáth glactar roinnt fola ó do ghéag. Tástáil atá ann do na hantasubstaintí i do chuid fola a bhaineann le VEID. Táirgtear antasubstaintí nuair a bhraitheann do chorp ionfhabhtú (víreas, mar shampla). Is féidir áfach go dtógfadh sé súas le trí mhí sula mbeadh dóthain antasubstaint táirgthe ag do chorp sula mbeadh tástáil dearfach ann.

Molann muid duit freastal ar chlinic GGT/STI chun tástáil VEID a dhéanamh.

B'fhéidir gur mhaith leat tástáil a dhéanamh sa chás:

- Go raibh comhriachtain agat agus nár baineadh leas as coiscín
- Gur ghlac tú le seamhan i do bhéal
- Go raibh deacrachtaí agat le coiscín le linn gnéis (is é sin gur straic sé nó gur sciorr sé)
- Gur ghlac tú páirt i ngíomhaíocht ghnéasach de chineál ar bith inar doirteadh fuil
- Gur chomhroinn tú bréagáin gnéis
- Go bhfuair tú fuil nó táirgí fola roimh 1986
- Gur chomhroinn tú snáthaidí
- Go ndearnadh tú tástáil i bhfad ó shin
- Go bhfuil tú i gcomhchaidreamh agus teastaíonn uaitse agus ó do pháirtí deireadh a chur le húsáid coiscíní
- Go dteastaíonn uait leanbh a ghineadh nó seamhan a dheonadh
- Go dteastaíonn uait bheith cinnte cén stádas atá agat

Más rud é go bhfuil mé diúltach

Séard atá i gceist sa chás seo ná nár thángthas ar an antasubstaint a bhaineann le VEID i do chuid fola. D'fhéadfadh sa chás sin go mbeadh ceann amháin de dhá rud i gceist:

- Nach bhfuil an VEID tolgtha agat
- Nó b'fhéidir go bhfuil sé ró-luath tar éis na tástála deireanaí a rinne tú le go mbeadh an tástáil is déanaí cinntitheach. Gairmtear an 'idirthréimhse' ar an dtréimhse seo. D'fhonn tástáil chinntitheach a fháil comharlaítear duit fanacht ar feadh trí mhí ar a laghad chun tástáil a dhéanamh, tar éis an uair dheireanach go raibh tú i mbaol.

Ní hionann toradh diúltach agus bheith imhdíonach i leith VEID. D'fhéadfá VEID a tholgadh amach anseo má chuireann tú thú féin i mbaol. Léigh foilseacháin eile de chuid GHN nó téigh chuig HYPERLINK "http://www.gayhealthnetwork.ie" www.gayhealthnetwork.ie chun tuilleadh a fhoghlaim mar gheall ar conas gur féidir leat tú féin a chosaint ón VEID amach anseo.

Ní chiallaíonn toradh diúltach duitse go bhfuil tú pháirtí diúltach chomh maith.

Cén fáth go m'bfhéidir go mbeadh orm fanacht ar feadh trí mhí?

Tar éis do dhuine an VEID a tholgadh d'fhéadfadh go mbeadh tréimhse súas le trí mhí i gceist sula mbeadh teacht ar na hantasubstaintí a bhaineann leis an VEID. Is éard atá i gceist sa tástáil ná na hantasubstaintí a bhaineann leis an VEID a lorg i do chuid fola. Má dhéanann tú tástáil laistigh de thrí mhí ón uair dheireanach a raibh tú i mbaol, d'fhéadfadh go bhfaighfeá toradh diúltach i leith an VEID, toradh a bhféadfadh bheith lochtach. Gairmtear an 'idirthréimhse' ar an dtréimhse seo idir an baol deireanach agus an t-am go bhforbraíonn na hantasubstaintí a bhaineann leis an VEID. Don chuid is mó bíonn teacht ar na hantasubstaintí VEID faoi cheann trí mhí ach i gcásanna an-neamhchoitianta d'fhéadfadh nach mbeadh teacht orthu go ceann sé mhí.

Le linn na hidirthréimhse seo ba chóir duit leanúint ort ag cleachtadh gnéis níos sábháilte.

Más rud é go bhfuil mé dearfach?

Is ionann tástáil dearfach don VEID agus deimhniú gur tholg tú an VEID agus d'fhéadfadh go gcúiseodh an víreas sin an SEIF. Cuirfear ar aghaidh thú chuig ionad speisialaithe VEID ionas gur féidir monatóireacht leanúnach a dhéanamh agus d'fhonn cóir leighis le haghaidh an VEID a chur ort más gá. Fad is atá tú ag fanacht le bualadh le do speisialtóir nua VEID molfaimid duit smaoineamh ar phiarthacaíocht nó tacaíocht siceolaíochta a lorg, rud a chabhróidh leat dul i ngleic le haon ní atá ag déanamh scime díot. Dearbhóidh sé duit chomh maith nach bhfuil tú ar d'aonair.

Níl aon leigheas ann don VEID faoi láthair. Ach ná bíodh éadóchas ort. Tá cúrsaí ag athrú agus ag dul chun maitheasa. Is féidir anois cóir leighis de dhrugaí speisialta a chur ar fáil don VEID agus má dhéantar é sin sula thagann na hairí a bhaineann leis an SEIF chun tosaigh is féidir tionchar a imirt ar fhorbairt an ghalair agus dá bharr síneadh a chur le hionchas saoil, agus é a fheabhsú. Tá dóchas nua tugtha ag na drúgaí frith-víreasacha seo do dhaoine atá VEID dearfach.

Go bunúsach séard ata i gceist don duine a ghlacann na drugaí frith-víreasacha ordaithe mar atá leagtha síos, ná gur féidir méid an VEID san fhuil a choimeád ag leibhéal an-íseal. Tugann sé seo deis don chóras imdhíonachta feidhmiú ag leibhéal atá cóngarach don ghnáth-leibhéal. Don chuid is mó ní gá d'fhir bhána agus déghnéasacha nuair a fháthmheastar go dearfach maidir le VEID iad don chéad uair cógas a ghlacadh ar an bpointe boise. Má tá tú ag glacadh le dea-chomhairle agus tacaíocht b'fhéidir nach mbeidh gá ann le hidirghabháil sláinte ar feadh roinnt blianta. Tháinigh roinnt fir ar an eolas go raibh siad VEID-dearfach nuair a bhí siad chomh tinn sin nach raibh morán roghanna ann maidir le cóir leighis agus go raibh sé ró-dhéanach dá réir cóir leighis éifeachtach a chur orthu.

Is féidir leat leas a bhaint as tacaíochtaí speisialaithe siceolaíochta i gcás roinnt ionaid cóireála. Cuirfear ar an eolas thú chomh maith maidir leis na heagraíochtaí tacaíochta is cóngaraí duit má theastaíonn uait leas a bhaint astu. Beidh tuiscint ag na daoine a bhfuil traenáil faighte acu, ar na ceisteanna agus na nithe a bheadh ag déanamh scime díot.

Más rud é go bhfuil na torthaí míshoiléir?

I gcás líon fíorbheagán tástálacha bíonn an réamh-mheasúnú doiléir. D'fhéadfadh gurb é atá i gceist ná go bhfuil na hantasubtaintí a bhaineann le VEID fós ag forbairt ach tá an féidirtheacht céanna ann nach mbaineann an doiléireacht leis an VEID in aon chorr. De ghnáth baineann sé le fadhbanna teicniúla nó le fadhb éigin eile fola. Tarlaíonn na fadhbanna seo go fíor-annamh agus réitítear an fhadhb laistigh de roinnt seachtainí. Molfaidh an dochtúir duit tástáil eile a dhéanamh faoi cheann roinnt seachtainí agus ba chóir go dtabharfaí tairiscint tacaíochta duit leas a bhaint as seirbhísí comhairleora. Muna bhfuil comhairleoir ar fáil téigh i dteagmháil le ceann de na háisínteachtaí arna sonrú.

Más rud é go bhfuil tú VEID-dearfach is fearr bheith ar an eolas faoi go luath.

Cad iad na ceisteanna a bhaineann le tástáil a dhéanamh le haghaidh an VEID?

D'fhéadfadh an-chuid ceisteanna bheith ann maidir le tástáil a dhéanamh le haghaidh an VEID. Is éascaí plé le roinnt acu agus is deacair plé le roinnt eile.

Áirítear i measc na ceisteanna sin:

- Is faoiseamh atá ann, dóibh siúd atá VEID-diúltach, torthaí na tástála a bheith acu
- Má tá tú VEID-diúltach is féidir leat leanúint ort saol gnéis níos sláintiúla a phleanáil d'fhonn tú fein agus daoine eile a chosaint
- Cuireann sé leis an deis atá ann síneadh an-suntasach a chur le d'ionchas saoil má tá tú fós i do shláinte nuair a fhaigheann tú an scéal go bhfuil tú VEID-dearfach. Beidh níos mó deiseanna agat maidir leis an gcinéal cóir leighis gur féidir a chur ort chomh maith
- Má tá tú ar an eolas go bhfuil tú VEID-dearfach, is féidir leat saol gnéis níos sláintiúla a phleanáil agus tú fein agus daoine eile a chosaint
- Is víreas atá sa VEID seachas breithiúnas morálta. Ar an ndrochuair baineann drochíomhá fós le stádas VEID-dearfach rud a chruthaíonn deacrachtaí ar uaireamh le do pháirtí, le do chlann, le do chairde nó ar obair. D'fhéadfá dul i ngleic leis na fadhbanna sin trí thacaíocht proifisiúnta nó piarthacaíochta a fháil

- Má fhaigheann tú toradh VEID-dearfach mar thoradh ar thástáil ní hionann sin agus a rá go bhfuil do chomhpháirtithe reatha dearfach chomh maith. Ach más rud é go raibh gnéas neamhchosanta agat leo, ba chóir go dtabharfaí deis dóibh tástáil a dhéanamh chomh maith
- B'fhéidir gur mhaith leat an scéal a chur in iúl do chomhpháirtithe a bhí agat roimhe seo. Ba chóir duit tacaíocht a lorg sula gcuireann tú an scéal in iúl dóibh. Ní galar infhógartha atá i VEID, de réir an dlí
- Ní chóir do chomhlachtaí árachais leatrom a imirt ort toisc go ndearnadh tú tástáil le haghaidh an VEID. Iarann an-chuid comhlachtaí ar iarratasóirí tástáil a dhéanamh. Más rud é go bhfuil tú VEID-dearfach áfach beidh deacrachtaí agat cineálacha áirithe árachais a fháil. B'fhéidir gur mhaith leat tuilleadh comhairle a fháil maidir leis seo agus gur mhaith leat tástáil a dhéanamh ag clinic sula théann tú ag lorg árachais
- B'fhearr le roinnt daoine gan a bheith ar an eolas seachas deimhniú a fháil go bhfuil siad VEID-dearfach. Braitheann siad nach mbeadh siad in ann dul i ngleic leis dá bhfaighidís scéal go raibh siad VEID-dearfach. Is í fírinne an scéil áfach ná gur féidir le fir atá ag maireachtáil leis an VEID dul i ngleic leis má chuirtear tacaíocht, comhairle agus oideachas maith ar fail dóibh agus is féidir leo caighdeán maith maireachtála a bheith acu lena n-áirítear saol gnéis sláintiúil.

An VEID agus Imní

Cúis imní do roinnt fir bhána agus déghnéasacha é an baol atá ann bheith VEID-dearfach. Uaireannta is féidir leat éirigh an-bhuartha cé nár chuir tú thú féin i mbaol.

An dtógann tú faoi ndeara:

- Go mbíonn tú ag déanamh tástálacha arís agus arís eile, cé gur tugadh torthaí diúltacha duit?
- Go mbíonn tú buartha gur chuir tú thú féin i mbaol, cé go m'bhféidir nárbh amhlaidh?
- Go bhfuil do chuid imní ag cur isteach ar do shláinte, ar do chaidrimh nó ar réimsí eile de do shaol?

Is féidir le himní cur isteach go mór ort agus is féidir leis tionchar a bheith aige ar do cholainn agus ar d'aigne. D'dhéadfadh gur cabhair a bheadh ann sa chás sin dul chun cainte le duine éigin. Más dóigh leat go bhfuil tú ag déanamh iniomarca imní, b'fhéidir gurb fhiú duit dul chun cainte le comhairleoir, le hoibrí sláinte bán nó dul i dteagmháil le líne chabhrach teileafóin.

Cá háit ar féidir liom tástáil a dhéanamh?

Déantar tástáil ag clinicí ar fud na hÉireann a phléann le galair ghnéastraschurtha nó le leigheas úraiginitiúil (GGT/GUM) nó ag an Togra Sláinte d'Fhir Bhána i mBaile Átha Cliath. Molfaimid duit dul ag clinic GGT/GUM os rud é gur féidir leat scagthástálacha sláinte gnéis eile a dhéanamh fad atá tú ann. Tá réamh- agus iar-chomhairleoireacht ar fáil i roinnt clinicí chomh maith. Bíonn an tástáil saor in aisce ag na clinicí go léir agus is féidir leat do chuid torthaí a bhailiú faoi cheann coicíse de ghnáth. Sonraítear na láthair thástála éagsúla ar chúl an leabhráin seo.

Sula ndéanann tú tástáil, bí cinnte de go bhfuil tú ar an eolas maidir leis na polasaithe agus na gnásanna maidir le tástáil VEID san ionad atá roghnaithe agat.

Cuireann roinnt Dochtúirí Ginearálta (GPanna) tástáil VEID ar fáil, ach déanfar taifead ar do thorthaí i do thaifead leighis. Chomh maith leis sin tá seans ann nach mbeidh roinnt GPanna ar an eolas maidir le comhairleoireacht réamh- agus iar-thástála. Más rud é nach bhfuil de rogha agat ach cuairt a thabhairt ar GP d'fhéadfá cuairt a thabhairt ar GP nach raibh aithne agat air roimhe seo seachas ar do GP féin. Téigh i gcomhairle le duine éigin ar an dteileafón nó le cara sula nglacann tú cinneadh. Tá an tástáil féin saor in aisce ach gearradh na GPanna táille chomhairliúcháin ort muna bhfuil cárta leighis i do sheilbh agat. Ní galar infhógartha atá sa VEID.

Tástáil sa bhaile?

Tá trealamh tástála baile ar fáil i roinnt tíortha. Agus an leabhrán seo á fhoilsiú ní raibh aon cheadúnas díolacháin eisithe in Éirinn. Is ionann toradh diúltach ó threalamh den chineál seo agus toradh diúltach ó thástáil d'aon chinéal eile. Tabhair faoi ndeara áfach go bhfuil sé tábhachtach sa chás go mbíonn toradh dearfach ann ó threalamh tástála baile gur chóir é seo a dheimhniú i saotharlann speisialaithe os rud é go bhfuil baol ann go mbeadh toradh lochtach i gceist. Molfaimid duit gan tástáil a dhéanamh ar d'aonair.

An tástáil rúnda atá i gceist?

Má dhéanann tú tástáil le haghaidh an VEID i gclinic GGT/GUM beidh an tástáil sin rúnda. Seolfar an fhuil chuig saotharlann in éindí le heolas aitheantais áirithe cosúil le dáta breithe, túslitreacha agus uimhir do chairt sláinte.

Más rud é go bhfuil tú VEID-dearfach is ag an clinic nó ag an ospidéal amháin a bheidh do chuid sonraí agus ní féidir iad a scaoileadh le héinne eile gan cead uaitse. Déantar taifead ar na cásanna dearfacha go léir le haghaidh tuarascálacha agus baintear leas as códanna speisialta chun é seo a dhéanamh – ní féidir thú a aithint.

An tástáil anaithnid atá i gceist?

In Éirinn ní féidir de ghnáth tástail VEID anaithnid a dhéanamh. Más rud é go mbaineann tú leas as ainm agus dáta breithe bréige tá sé ríthábhachtach go mbeadh tú in ann cuimhneamh ar na sonraí sin (scríobh síos in áit éigin iad).

Cad is toiliú eolasach ann?

Séard atá i gceist le toiliú eolasach ná go bhfuil sé de cheart agat go gcoimeádfaí go hiomlán ar an eolas thú maidir le gnáthamh sláinte ar bith agus go bhfuil sé de cheart agat chomh maith glacadh leis nó diúltiú dó. Ba chóir go n-iarrfaí ort ráiteas a léamh nó a admháil ina dtugtar le fios gur cuireadh ar an eolas thú maidir leis an ngnáthamh a bhaineann leis an tástáil le haghaidh antasubstaintí VEID, go dtuigeann tú na himpleachtaí, agus go bhfuil tú ag toiliú leis an ngáthamh.

An bhfuil tú tar éis teacht go hÉireann?

Cuma cén stádas dlíthiúil atá agat nó cárb as duit is féidir leat tástáil VEID saor in aisce a fháil ó chlinic GGT/GUM ar bith. Is féidir leat chomh maith scagthástáil sláinte agus cóir leighis gnéasach saor in aisce a fháil. Tá an tástáil a dhéantar ag an gclinic GGT/GUM faoi rún agus ní féidir le héinne eile teacht ar eolas maidir le do chuairt.

Cad a dhéanfaidh mé anois?

Tá cúinsí difriúil ann i gcás gach éinne – ní féidir le héinne ach tú féin an cinneadh a ghlacadh, tar éis duit dianmhachnamh a dhéanamh ar do chás. Tá cúiseanna bailí ann go nglacann roinnt daoine cinneadh gan tástáil a dhéanamh. I gcomhthéacs na gcóireálacha atá ar fáil faoi láthair, tá an Líonra Sláinte d'Fhir Bhána ag cur na tástála VEID chun tosaigh toisc gur troime na buntáistí ná na míbhuntáistí a bhaineann leis.

Tá súil againn gur chabhraigh sé leat ar bhealach éigin an leabhrán seo a léamh. I ndeireadh na dála is fút féin é cinneadh a ghlacadh cibé tástáil nó atástáil a dhéanamh. Sula ndéanann tú an cinneadh sin.

Bí ag caint…Smaoinigh…Bí ag caint…Smaoinigh…Bí ag caint…Smaoinigh…Déan tástáil